



ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

CARTLANNAÍ SINSEARACH (GRÁD II) AG TEASTÁIL

Is comhlacht reachtúil é Údarás Uchtála na hÉireann (AAI) a bunaíodh ar an 1 Samhain 2010 agus is é an tAcht Uchtála 2010 an reachtaíocht is tábhachtaí a bhaineann leis an Údarás.

Is í an aidhm atá againn ná ‘Cinntiú a dhéanamh go soláthrófar na caighdeáin is airde agus is féidir de sheirbhísí a bhaineann le huchtú, ar feadh an phróisis uchtála ar feadh an tsaoil, ar mhaithe le leas leanaí mar an cuspóir is tábhachtaí atá againn riamh”

Tá fás suntasach tagtha ar an AAI go dtí seo agus é ag glacadh le feidhmeanna nua agus forleathnaithe mar thoradh ar an Reachtaíocht Faisnéise agus Rianaithe Breithe nua.

Tá roinnt deiseanna spreagúla againn faoi láthair ag gach leibhéal agus muid ag fás agus ag athrú ár n-eagraíochta.

Tá an AAI ag iarraidh Cartlannaí Sinsearach (Grád II), a bheith lonnaithe i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4. Tá féidearthacht an obair chumaisc a dhéanamh leis na poist seo ag brath ar na dualgais go léir a bheidh i gceist.

Tá an AAI ina choimeádaí ar níos mó ná 100,000 comhad a chruthaigh sé féin, na comhlachtaí a tháinig roimhe, agus na gníomhaireachtaí uchtála gaolmhara. Cruthaíonn na taifid seo bailiúchán uathúil a dhoiciméadaíonn eispéiris daoine uchtaithe agus a dteaghlaiigh ag dul siar go dtí 1877. Faoin reachtaíocht atá le teacht beidh an AAI faoi réir na nAchtanna um Chartlann Náisiúnta 1986-2018 agus tá feidhm chartlainne neamhspleách nua á cruthú aige chun na taifid seo é a fháil, a chosaint, a chaomhnú agus a chur ar fáil.

An dáta deiridh le haghaidh iarratas: Meán lae Dé hAoine an 26 Lúnasa 2022